Eagrán : Márta 2014

NUACHTLITIR

Gaelscoil Thaobh na Coille

13/03/2014

San eagrán seo:

Inside this issue:

Rith 2014 1

Ceolchoirm na Féile Pádraig 1
St Patricks Festival Concert

Labhair GAEILGE 2
le bhúr dtoil

Céile Seachtain na Gaeilge 2

Suirbhé Éide Scoile 2
School Uniform Survey

Máirt na hInide 3
Shrove Tuesday

Taispeántas Ealaíne 3
Art Exhibition

Griangrafadóir 4
School Photographer

Gaelcholáiste an Phiarsaigh 4

Corfhéile na Scoileanna 4



# Gaelscoil Thaobh na Coille

## Beallairmín, An Chéim, B.Á.C. 18




Daltaí & Múinteoirí Thaobh na Coille ag rith ar son na 'Gaeilge'

## Rith 2014 : 1000km ó Chorcaigh go Béal Feiriste

Is féile náisiúnta d'Éireann é 'RITH 2014' a eagraíodh mar chuid d'imeachtaí Sheachtain na Gaeilge. Beidh Rith 2014 ar siúl le linn Sheachtain na Gaeilge, ón 7-15 Márta. Iompróidh suas le 50,000 duine an baitín sealaíochta 1,000 km ó Baile Bhuirne i gCo. Chorcaí go Béal Feirste sna naoi lá sin. Ar an Luan seo thart ghlac Gaelscoil Thaobh na Coille seilbh ar an mbaitín sealaíochta ar Bhóthar na Gráinsí i Rathfearnáin agus rith daltaí Rang 3 go Rang 6 1km ar son na GAEILGE!

*'RITH 2014' is a national festival that is organised as one of the main events during Seachtain na Gaeilge. Rith 2014 takes place during Seachtain na Gaeilge, from the 7th – 15th March. Approximately 50,000 people will carry the baton 1,000 km in this massive relay race from Baile Bhuirne in Cork to Belfast. A 1,000km. The pupils from 3rd to 6th class in Gaelscoil Thaobh na Coille took possession of the baton and carried it for 1km along Grange Rd. in Rathfarnham to show their support & love for the Irish language.*

## Ceolchoirm na Féile Pádraig : School Concert



Mar chuid de cheiliúradh Sheachtain na Gaeilge beidh ceolchoirm ceoil, rince & amhránaíochta á chur ar siúl ag daltaí sinsearacha na scoile don chuid eile den scoil. Beidh an ceolchoirm seo ar siúl ar an gCéadaoin seo ag teacht an 19 Márta ag a 12.45pm. Tá fáilte roimh thuismitheoirí freastal ar an gceolchoirm más mian leo & má tá siad saor.

*As part of our celebrations for 'Seachtain na Gaeilge' our senior pupils are putting on a concert of traditional music, dance and song for the rest of the school. The concert will take place on this coming Wednesday the 19th of March at 12.45pm. Parents are more than welcome to attend should they be free and wish to do so.*



Céilí

na Féile Pádraig

Déardaoin

13/03/2014



Tuilleadh Eolais ag

*For full survey details go to*

www.taobhnacoille.ie

Policies - School uniform Survey

**Suirbhé Éide Scoile**

**School Uniform Survey**

## Labhair GAEILGE le bhúr dtoil a thuismitheoirí

Rinne sibh cinneadh bhúr bpáistí a sheoladh ag gaelscoil. Cinneadh mór ba ea í sin, go speisialta daoibhse nach raibh aon taithí pearsanta agaibh ar an nGaeilge nó ar an nGaelscolaíocht. Tá ag éirí go hiontach le bhúr bpáistí sa scoil agus an Ghaeilge ar a dtoil acu. Ní hamháin sin ach creidim go bhfuil meas acu ar an nGaeilge agus ar an gcultúr ghaelach as a dtagann siad.

Tá sé mar riail againn gurb í an Ghaeilge amháin a labhraítear laistigh agus thart timpeall ar an scoil. Impím oraibh a thuismitheoirí bhúr gcuid Gaeilge a úsáid nuair a thagann sibh ar scoil ar maidin leis na páistí, nuair a bhailíonn sibh iad um thráthnóna agus nuair a bhíonn sibh ag seasamh ag clabaireacht le chéile sa chlós & thart timpeall na scoile. Déan bhúr ndícheal cibé méid Gaeilge atá agaibh a úsáid.

Ní cheartóidh éinne tú muna bhfuil do chuid Gaeilge cruinn ACH ceartófar sibh má cloistear sibh ag spalpadh béarla thart timpeall na scoile. Bíonn bhúr bpáistí an-bhródúil asaibh nuair a chloiseann siad sibh ag labhairt i nGaeilge. Oibrimís le chéile chun feabhas a chur ar úsaid na Gaeilge i measc na dtuismitheoirí.

*You decided to send your children to a Gaelscoil. That was a big decision, especially for those of you who had little or no personal experience of Gaeilge or Gaelscoileanna. Your children are doing very well in the school and are fluent in Irish. Not only that but I believe they have a really positive interest and respect for the language and the Irish culture from which they come.*

*The biggest rule we have in the school is that only Gaeilge is to be spoken in and around the school – I am sad to say that this is not the case at present. I ask all parents to please use whatever Gaeilge you have when you bring your children to school in the morning, when you collect them in the afternoon, when you in the school or chatting with your friends in the yard or around the school. Please make every effort to use whatever Gaeilge you have even if you just use a cúpla focal as Gaeilge in each sentence. Support and help each other.*

*No one will correct you if your Gaeilge is grammatically incorrect HOWEVER you will be reprimanded if you are heard 'ag clabaireacht as Béarla' around the school! Let's work together to improve the use of Gaeilge among the tuismitheoirí*

Achoimre ar Thorthaí an Suirbhé : a chomhlánaigh 75% de thuistí na scoile
Deir 96% de na tuismitheoirí gur mhaith leo go mbeadh éide scoile ag Gaelscoil Thaobh na Coille.
Deir 76% de na tuismitheoirí go bhfuil siad sásta leis an t-éide scoile atá ag Gaelscoil Thaobh na Coille faoi láthair.
Deir 74% de na tuismitheoirí go bhfuil siad sásta leanúint leis an ngeansaí le suaitheantas bróidnéirithe atá ag an scoil faoi láthair.
Deir 78% de na tuismitheoirí go bhfuil siad sásta leanúint leis an gculaith spóirt le suaitheantas ar atá ag an scoil faoi láthair.
Deir 82% de na tuismitheoirí go bhfuil siad sásta leanúint leis an bpirilín/filleadh beag breacán mar chuid d'éide na gcailíní faoi láthair.
Deir 85% de na tuismitheoirí go bhfuil siad sásta leanúint leis an rogha na baill éadaigh cineálach a cheannach ó do rogha siopa agus na baill éadaí saindeartha den a cheannach ó sholáthróir éide scoile ar leith.
Ar an mbonn seo tá cinneadh glactha ag an mBord Bainistíochta Ghaelscoil Thaobh na Coille leanúint eis an t-éide scoile mar atá agus gan aon athrú ar bith a dhéanamh uirthi ag an am seo.

*Summary of Survey Findings completed by 75% of the parent body.*
*96% of parents say that they want a school uniform for Gaelscoil Thaobh na Coille.*
*76% of the parents say they are happy with the school uniform we have at present in Gaelscoil Thaobh na Coille.*
*74% of the parents say that they are happy to continue with the crested jumper/cardigan Gaelscoil Thaobh na Coille has at present.*
*78% of the parents say that they are happy to continue with the crested tracksuit Gaelscoil Thaobh na Coille has at present.*
*82% of parents say that they are happy to continue with the tartan pinafore/kilt the girls wear as part of their school uniform at present.*
*85% of parents say that happy to continue to have the choice of buying generic items of the school uniform from the store of your choice and buying bespoke items of the uniform from a specified school uniform supplier.*
*Based on the above findings there will be no changes made to Gaelscoil Thaobh na Coille's school uniform.*
*After a thorough analysis of the survey responses the Board of Management have agreed that Gaelscoil Thaobh na Coille's school uniform is to remain as is and that no changes are to be made to it at this time.*

## Máirt na hInide : Shrove Tuesday




Bailíodh €742.50 do Chumann Naomh Uinseann de Pól tré phancóga a dhíol sa scoil ar Mháirt na hInide. Tá Microsoft chun an méid airgead sin a mheaitseáil (grma Carmel Uí Earcáin) dá bhrí sin gheobhaidh Cumann Naomh Uinseann de Pól Áth an Ghainimh €1455. Buíochas leis na tuismitheoirí a bhí ag déanamh & ag díol pancóga ar an lá agus buíochas leo siúd a sheol pancóga isteach chun na scoile le díol.

*€742.50 was raised for the Society of St Vincent de Paul by selling pancakes in the school on Shrove Tuesday. Microsoft are going to match that amount* (go raibh maith agat Carmel Uí Earcáin) *which will make a grand total of €1455 for The Society of St Vincent de Paul, Sandyford. Thanks to the parents who made and sold pancakes on the day and thanks also to those parents couldn't make it but who supplied pancakes for sale.*

## Taispeántas Ealaíne : Art Exhitition

D'éirigh go han-mhaith leis an taispeántas mór ealaíne a bhí againn sa scoil ag tús na míosa. Bhí saothair ealaíne daltaí uile na scoile frámaithe agus ar taispeáint sa halla do na daltaí agus do na tuismitheoirí. Bhí na páistí an-bhródúil as a gcuid pictiúir agus bhaineadar an-taitneamh as an gcuairt a thugadar ar an dtaispeántas i rith an lae nuair a bhí seans acu féachaint ar na pictiúir ar fad a bhí ar crochadh ar na ballaí. D'fhreastal slua iontach mhaith ar an dtaispeántas oíche Luain agus bhí sé go halainn na daltaí a fheiceáil ag féachaint ar na pictiúir ar fad lena gcuid tuismitheoirí, deartháireacha, deirfiúracha & fiú sean-tuismitheoirí. Díoladh os cionn 350 pictiúr ar an oíche rud a thiomsaigh thart ar €1,500 do chiste clós uile-aimseara na scoile.

*Our art exhibition that was held in the school at the start of the month was a great success. The exhibition featured framed paintings by the pupils and was open for viewing to all pupils, their parents and families. The children were delighted to see their pictures on display and thoroughly enjoyed their visit to the 'halla' with their teacher & classmates to view all the artwork on show. There was a great attendance at the exhibition on Monday evening and it was lovely to watch the children as they proudly showed their pictures to their parents, brothers, sisters and even grandparents. Over 350 paintings were purchased on the night which raised approximately €1.500 for the all-weather yard fund.*





## Seirbhísí Reiligiunda

### Religious Ceremonies



R6
Cóineartú
Confirmation
Aoine 28/03/14
11.00am
Séipéal Mhuire
Ath an Ghainimh

Tráth na gCeist Clainne
R3 go R6
*Family Table Quiz*
11/03/2014
Bhí an-oíche go deo againn
*A great night was had by all!*



Ceolchoirm na Féile Pádraig

Céadaoin

19/03/2014

12.45pm—2.20pm

Fáilte Roimh Chách

## Cumann na dTuismitheoirí



### Griangrafadóir Scoile

I mbliana táimid ag obair le 'Anchorbird Photography' le hairgead a bhailiú don Scoil. Beidh 100% den bhrabúis a faightear ón ngrianghrafadóireacht á fháil ag an scoil . Beidh muid ag tosnú le ranganna na naíonáin agus ag obair suas uaidh sin.

*This year we are working with 'Anchorbird Photography' to raise money for the school. Please note that 100% of the profits from the photography will go into the school.* We will be starting with portraits of the junior infants and working our way up from there. Keep an eye out for notices in your child's school bag

Buíochas le Maoilíosa Nic Conmara
(mamaí Joe Mac Conmara Stafford i R1 )
for giving of her time to do this for the school

## Gaelcholáiste an Phiarsaigh

Is cúis mór áthais dúinn a chloisteáil go bhfuil an sean-chlochar Loreto Abbey, ar Bhóthair na Gráinsí, ceannaithe ag an Roinn Oideachais & Scileanna do Ghaelcholáiste an Phiarsaigh. Déanfaidh an Ghaelcholáiste seo freastal ar mhórcheantar Dhún Droma i nDeisceart Átha Cliath. Beidh Gaelcholáiste an Phiarsaigh ag oscailt ansin i Meán Fómhair na bliana seo, 2014. Is é Joe Mac Suibhne atá ceapaithe mar Phríomhoide ar an nGaelcholáiste nua seo. Tá taithí 25 bliana aige ag múineadh sa chóras Gaeloideachais & 10 mbliana acu siúd mar Phríomhoide ar iarbhunscoil lánGhaeilge

*We were delighted to hear that the Department of Education & Skills has purchased Loreto Abbey on the Grange Road, for Gaelcholáiste an Phiarsaigh. this new Gaelcholáiste which will serve the greater Dundrum area in South Co. Dublin. Gaelscholáiste an Phiarsaigh will open there this coming September, 2014.*

*Tuilleadh eolais ag : www.gaelcholaiste.com*

## Cúrsaí Ceoil Banna Ceoil Scoile

Ghlac banna ceoil agus rinceoirí Ghaelscoil Thaobh na Coille páirt i gCórfhéile 2014. Suas le dhá scór dalta a bhí sa bhanna ceoil agus meascán maith uirlisí idir feadóga stáin, feadóga móra, veidhlíní, bosca ceoil, mandailín, consairtín, píb agus bodhrán.

Chasadar fonn mall le comhcheol agus roinnt ceol rince agus bhíodar an-sásta leis an gcur i láthair. I dtreo dheireadh na hoíche tháinig rinceoirí seite na scoile ar an árdan. Bhí dhá seit acu agus iad ag tabhairt faoi Sheit Caisil a dhéanamh! Ar mh'anam bhain siad lasracha as an stáitse!

*The school 'banna ceoil' and set dancers from Gaelscoil Thaobh na Coille took part in Córfhéile 2014. With 40 musicians in the band we had all kinds of instruments being played; tin-whistles, flutes, fiddles, concertinas, pipes, mandolin, accordion & even a bodhrán!*

*They presented a mixture of slow pieces with harmonies and dance music. They had a great night and got an extremely warm response to their performance. Towards the end of the night the school set dancers took to the stage. There were two sets on the stage who gave an impressive performance of the Cashel set! There were sparks flying as they danced with gusto!*

Buíochas mór leis na múinteoirí a d'ullmhaigh iad don ócáid, Eavan Ní Mhuirgheasa, Úna Ní Fhlatharta agus Tomás Mac Uileagóid.

## Córfhéile na Scoileanna 2014



